# Foirm Tuairisce Agallaimh

| | |
|---|---|
| **Ainm an Agallóra** | Regina Fitzpatrick |
| **Dáta an Agallaimh** | 29th Már 2011 |
| **Láthair** | Teach Liam, gar do Thromaire, Co. Laois |
| **Ainm an Agallaí** (Sloinne roimh phósadh / Leasainm) | Liam O' Neill |
| **Achoimre Beathaisnéiseach an Agallaí** | |
| **Inscne** | Fir |
| **Saolaithe** | **Bliain saolaithe:** 1955<br><br>**Contae Dúchais:** Laois |
| **Oideachas** | **Bunscoil:** Tromaire NS, Laois<br><br>**Meánscoil:** Cnoc Beag, Ceatharlach<br><br>**Tríú Leibhéal:** UCD, Coláiste Naomh Phádraig, BÁC |
| **Teaghlach** | **Deartháireacha/Deirfiúracha:** 4 deartháireacha & 7 deirfiúacha<br><br>**Teaghlach faoi láthair má tá difríocht ann:** Beirt iníonacha |
| **Club(anna)** | Tromaire CLG [Laois]; Sliabh Blooms GAA [Laois]; CLG UCD [Baile Átha Cliath]; Erin Hopes [Baile Átha Cliath] |
| **Gairm Beatha** | Príomhoide Gaelscoil Thromaire |
| **Gairm Beatha do Thuismitheoirí nuair a bhí tú óg** | Múinteoir (Ath) |
| **Creideamh** | Caitliceach Rómhánach |
| **Comhcheangal/Ballraíocht Polaitiúil** | N/A |
| **Ballraíocht(aí) i gClub/gCumann eile** | N/A |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Tuairisce** | 13ú Meitheamh 2012 |
| **Tréimhse Clúdaithe** | 1911 - 2011 |
| **Contaetha/Tíortha Clúdaithe** | Laois, Ceatharlach, Baile Átha Claith, Uibh Fháilí, Luimneach |
| **Bun-téamaí Clúdaithe** | Taisteal, tacaíocht, talaimh, imirt, traenail, oifigigh, riarachán, ceiliúradh, díomá, tiomsaithe airgid, tiomsú airgid, culture, na meáin chumarsáide, ról na múinteoirí, ról and chlub sa phobal, oibrithe deonacha, féiniúlacht, an Ghaeilge, culture, Scór, Craobh na hÉireann, stair an chlub, stair na hÉireann, cuimhní is faide siar, baint an chlainn, aois an pháiste, tionchar ar shaol, dúshláin, íobairtí, cosc ar chluichí seachtracha, proifiúntacht, ceannach talún |
| **Achoimre an agallaimh** | Rugadh i dTromaire Co. Laois do Liam agus labhraíonn sé faoin gceantar sin agus é ina ghasúr. D'fhreastail sé ar Choláiste Muire, Cnoc Beag, Co. Ceatharlach, ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach. Cuimhníonn sé ar a bheith ag imirt iománaíochta sna háiteanna sin go léir. Téann sé tríd na postanna go léir riaracháin a ghlac sé lena linn sa chumann agus tugann sé léargas do chúrsaí polaitíochta ann chomh maith.<br><br>00.25 Cuireann sé síos ar Thrumera agus é in aois an pháiste – bhí ceathrar deartháireacha agus seacthar deirfiúracha aige.<br>02.35 Cuimhníonn sé ar an gcéad dromchla á chur ar bhóithre an cheantair.<br>03.50 Pléann sé na modhanna éagsúla taistil a mbíodh ag muintir Thrumera chun dul go dtí an tobar. Luaitear tarracóir agus capall is carr.<br>04.55 Pléann sé teacht an leictreachais chuig an gceantar sa bhliain 1954. Luann sé Jack Kennedy.<br>05.30 Is cuimhin leis an chéad chluiche dá bhfaca sé ar an teilifís, cluiche idir Ciarraí agus Ros Camáin sa bhliain 1962. Luann sé Biggie Maloney. Luann sé an Irish Independent.<br>06.20 Is cuimhin leis féachaint ar chluiche ar an teilifís i dteach a chomharsan. Luaitear Cluiche Ceannais na Sraithe Náisiúnta san Iománaíocht 1963 idir Tiobraid Árainn agus Port Láirge agus Cluiche Ceannais na gColáistí san Iománaíocht 1963 idir Patrician College, Ballyfin agus St Finbarrs College, Farranferris.<br>09.45 Cuireann sé síos ar chluiche a chonaic sé idir Laois agus An Iarmhí. Luann sé Paddy Flanagan. Luann sé gluaisteán.<br>10.50 Déanann sé trácht ar an ról a bhí ag a athair sa ChLG. Luaitear Coláiste Chaoimhín agus Maighean Rátha. Luaitear Cluiche Ceannais Mionúr na hÉireann 1934, Craobhchomórtas Clubanna Chontae Laoise 1942 agus Craobhchomórtas Laighean 1949. Luaitear Coiste Contae Laoise, Coiste Laighean agus Coiste na nÓg. Luaitear Joe McCabe, Jack Fitzgeral agus Lar 'The Grinder' Conroy. |

| | |
|---|---|
| | 17.05 Míníonn sé an difríocht idir an meon atá aige féin agus an meon atá ag glúin a thuismitheoirí i dtaobh chúrsaí taistil. Luann sé gluaisteán.<br>17.35 Labhraíonn sé faoin tuairim a bhí aige, agus é ina ghasúr, dá athair. Luann sé an Coláiste Muire Cnoc Beag, Maighean Rátha agus An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).<br>20.25 Cuimhníonn sé ar a bheith ag imirt ar son UCD i gcoinne Coláiste Phádraig, Droim Conrach i bPáirc an Chrócaigh agus an tacaíocht a fuair sé óna mhuintir. Luaitear Pat Daly.<br>22.50 Cuireann sé béim ar thábhacht na hiománaíochta agus é ag fás aníos. Cuimhníonn sé ar a bheith ag imirt iománaíochta lena chuid deirfiúracha.<br>24.30 Déanann sé trácht ar an traidisiún bhí sa teach s’acu féachaint ar an gCorn Idir-Chúigeach ar an teilifís ar Lá Fhéile Pádraig.<br>26.00 Cuireann sé síos ar Chluiche Ceannais na Sraithe Náisiúnta san Iománaíocht. Luann sé Ned Power, Pat Daly, Austin Flynn, Tom Cheasty, Jimmy Doyle agus John Doyle.<br>28.00 Pléann sé an meon atá ann i Laois i leith Thiobraid Árainn.<br>29.00 Luann sé foireann idirchontae Chill Chainnigh agus Eddie Keher, Séamus Cleere agus Ollie Walsh.<br>29.20 Déanann sé cur síos ar an gcéad turas s’aige go dtí Páirc an Chrócaigh agus nósanna ar cuireadh tús leo as sin amach. Luaitear gluaisteán. Luaitear Michael D’Arcy agus Ciarán Murray. Luaither an Corn Idir-Chúigeach.<br>34.40 Déanann sé plé ar na camáin a fuair sé agus é ina ghasúr. Luann sé na comhlachtaí Camán Teo agus Irish Forest Products.<br>36.40 Cuireann sé síos ar an scoil náisiúnta i dTromaire agus is cuimhin leis a bheith ag imirt iománaíochta inti.<br>40.35 Is cuimhin leis dul ón scoil go dtí traenáil le Maighean Rátha ar rothar.<br>42.40 Labhraíonn sé faoin bpáirc imeartha i dTromaire agus na cluichí a mbíodh ann Dé Domhnaigh. Luann sé gur bunaíodh foireann sna seascaidí.<br>44.40 Míníonn sé an córas ainmnithe do chlubanna / d’fhoirne sa cheantar sna caogaidí. Luaitear Ballyallen agus Cnocán na Mac Tíre.<br>46.05 Déanann sé trácht ar an bpáirc a fuair an club ó Choimisiún na Talún sa bhliain 1985. Bhí sé mar rúnaí ar an gclub ag an am.<br>48.10 Pléann sé blianta an déagóra s’aige. Luaitear Coláiste Muire Cnoc Beag, Laois Faoi-16 agus UCD<br>49.10 Is cuimhin leis a bheith ina chúl báire do Slieve Bloom sa bhliain 1970. Luaitear Craobh Sóisear B Laighean san Iománaíocht.<br>54.00 Labhraíonn sé faoi na cluichí a d’imir Tromaire nuair a bunaíodh an club ar dtús.<br>55.30 Pléann sé an tréimshe a chaith sé ar scoil chónaithe, ag Coláiste Muire, Cnoc Beag. Míníonn sé an ceangal idir é féin agus Tromaire. Luann sé gluaisteán a athar.<br>57.40 Luann sé na scoileanna ar fhreastail a chuid |

| | |
|---|---|
| | deirfiúracha agus a chuid deartháireacha orthu.<br>58.50 Cuireann sé síos ar a shaol agus é ag freastail ar Choláiste Muire, Cnoc Beag.<br>1.00.20 Luann sé gur bhunaigh sé foireann bunscoile i dTromaire nuair a chuaigh sé ar ais mar mhúinteoir.<br>1.02.35 Insíonn sé faoi a bheith ag imirt iománaíochta le UCD. Luaitear Mark Kirwan, Time Williams. Luaitear Comórtas na Freshers. Luaitear Páirc Chiaráin, Áth Luain. Luaitear Cathaoirleach Comhairle Laighean.<br>1.04.50 Is cuimhin leis gur imir sé in aghaidh Pat Fleury. Luann sé Bráthair Dennis.<br>1.05.40 Luann sé gur oibrigh agus gur imir sé do PMPA (Private Motorists Protection Association). Labhraíonn sé faoin gcinneadh dul go dtí UCD. Luaitear an Dublin Insurance Athletic Society.<br>1.09.05 Cuireann sé síos ar an saol s'aige agus é ag freastail ar UCD agus ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach. Luann sé Áras Oliver Bond, McCains Motors. Luaitear Dave Billings agus Pat Daly. Luaitear Erin's Hope.<br>1.15.50 Míníonn sé an difríocht idir UCD agus Coláiste Phádraig – agus cur béime ar an gcampas agus ar chúrsaí traenála ar leith.<br>1.18.50 Cuimhníonn sé ar chluichí éagsúla a bhfaca sé i bPáirc an Chrócaigh. Luann sé Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann san Iománaíocht sna blianta 1968, 1971, 1973 agus Craobhchomórtas Sinsear na hÉireann sa Pheil 1973. Luann sé Jimmy Barry Murphy agus Eamonn 'Ned' Ray.<br>1.20.10 Insíonn sé scéalta faoi iománaíocht i mBaile Átha Cliath. Luaitear Clanna Gael Fontenoys agus Faughs. Luaitear Ned Ray. Luaitear Páirc na Rinne (Ringsend Park). Luaitear Cathaoirleach Chomhairle Laighean.<br>1.24.20 Labhraíonn sé faoi chúrsaí iománaíochta i mBaile Átha Cliath sna luath-ochtóidí. Luaitear Craobh Chiaráin, St Vincents agus Na Fianna.<br>1.25.45 Labhraíonn sé faoi bheith ag imirt agus ag traenáil le dhá chlub ag an am céanna. Luaitear Eugene Davy, Johnny Cullen agus John Egan. Luann sé Tromaire, Erins Hope agus Clanna Gael Fontenoys.<br>1.29.20 Cuireann sé síos ar dhul ar ais go dtí Tromaire ó Bhaile Átha Cliath agus a chuid iarrachtaí an leibhéal corpacmhainne s'aige a choinneáil.<br>1.30.15 Míníonn sé an córás eagrúcháin a bhíodh i bhfeidhm d'iománaíocht na scoileanna náisiúnta i gContae Laoise ag deireadh na n-ochtóidí. Cuireann sé síos ar thírdhreach polaitíochta an ChLG ag an am chomh maith. Luann sé Cumann na mBunscol, Oifigeach na Gaeilge, Rúnaí Choiste Laoise agus Féile na nGael. Luann sé Nicky Brennan.<br>1.36.50 Insíonn sé scéal faoina mháthair, an dearcadh s'aice i leith a bhaint féin leis an gCLG á léiriú.<br>1.38.10 Labhraíonn sé faoi bheith ag imirt do Laois Faoi-16.<br>1.39.05 Pléann sé ar fhoghlaim sé óna mháthair a bhí mar chabhair leis dul chun cinn a dhéanamh. Luann sé Rúnaí Choiste Laoise agus Leas-Chathaoirleach Choiste Laighean.<br>1.42.05 Pléann sé na rudaí a bhain sé amach agus na rudaí a chuir díomá air le linn a bhainte leis an gCLG. |

| | |
|---|---|
| | 1.43.55 Pléann sé na rólanna éagsúla riaracháin atá déanta aige agus a thoghadh mar uachtarán.<br>1.47.50 Míníonn sé faoin dearcadh atá aige i leith toghcán agus ceiliúrtha. Is cuimhin leis an díomá nuair a theip air sa todhchán i 2008. Luann sé Dermot Crowe agus Chriostóir Ó Cuana.<br>1.53.05 Déanann sé plé ar na sruthanna polaitíochta a threoirigh an todhchán i 2008 agus ar tharla ina dhiaidh. Luann sé Riail 42. Luann sé Criostóír Ó Cuana, Nioclás Ó Braonáin agus Seán Ó Fógartaigh.<br>2.01.20 Cuireann sé síos ar a dtaitníonn leis maidir le cúrsaí riaracháin. Míníonn sé an bealach a gcumann sé clár na gcluichí.<br>2.05.35 Pléann sé na postanna éagsúla riaracháin atá bainte amach aige sa ChLG. Luann sé Oifigeach na Gaeilge. Luann sé Páirc Uí Mhórdha.<br>2.07.25 Labhraíonn sé faoin tábhacht a shaol a mheá idir a mhuintir agus an CLG. Luann sé rothaíocht. Luann sé Cathaoirleach Choiste Laighean agus Coiste Náisúnta Fhorbairt na gCluichí.<br>2.10.10 Pléann sé a chuid gníomhartha leis an gCLG ó lá go lá.<br>2.13.25 Luann sé an ról riaracháin is fearr leis.<br>2.14.00 Labhraíonn sé faoin gcaidreamh idir bainistíocht an ChLG agus cosmhuintir an Chumainn agus idir na fostaithe agus na hoibrithe deonacha.<br>2.17.20 Pléann sé na spriocanna pearsanta atá aige maidir leis an CLG.<br>2.18.25 Míníonn sé an difríocht idir cluichí mar a fheiceann sé mar riarthóir iad agus cluichí mar a fheiceann gnáththacadóir iad. Luann sé Cathaoirleach Chomairle Laighean.<br>2.21.05 Labhraíonn sé faoi ról Uachtarán and ChLG go ginearálta agus an tuairim a bhíonn ag an gcuid is mó de dhaoine ina leith. Luann sé an IRFU agus an FAI. Luann sé stádas amaitéaraigh.<br>2.27.40 Labhraíonn sé faoin a bhfuil sé ag súil leis mar Uachtarán.<br>2.29.10 Pléann sé tionchar an Chumainn i saol a chuid páistí. Luann sé Páirc an Chrócaigh. Luann sé Toscaire na nÓg. Luann sé Joe McDonagh.<br>2.34.50 Pléann sé tionchar an Chumainn i saol a mhná chéile. Luann sé Ráth Domhnaigh. Luann sé Seán Ó Ceallaigh.<br>2.38.00 Pléann sé ról na Gaeilge sa ChLG agus sa tír go ginearálta. Tugann sé a thuairim féin faoi úsáid na Gaeilge in óráidí. Luann sé An Cumann Camógaíochta. Luann sé Pat Shortt. Luann sé Scór. Luann sé TG4. Luann sé Corn Uí Bhroinn agus Corn Uí Dhubhsláine. Déanann sé tagairt do Bhertie Ahern.<br>2.43.55 Labhraíonn sé faoi na naisc chultúrtha idir Éire agus Albain. Luann sé Scór agus shinty.<br>2.45.10 Cuireann sé béim ar thábhacht an chomthéacs agus úsáid teanga i gceist.<br>2.46.50 Pléann sé a mbíonn daoine ag súil leis ón gCLG. Luann sé an dífhostaíocht. |

| | |
|---|---|
| | 2.47.35 Pléann sé cuimsitheacht an ChLG. Luann sé cruicéad. Luann sé Cill Chainnigh.<br>2.49.02 Cuireann sé béim ar an bhféiniúlacht a thugann an CLG do dhaoine. Luann sé an teilifís.<br>2.52.00 Cuireann sé síos ar an gcaidreamh idir pobail tuaithe agus and CLG.<br>2.53.45 Luann sé an caidreamh idir daoine agus áiteanna. Luann sé Sasanna. |
| **Baint leis an CLG** | ✓ Tacaí ✓ Imreoir □ Bainisteoir □ Traenálaí □ Maor<br>✓ Cathaoirleach ✓ Comhalta Coiste<br>□ Cothabháil Páirceanna Imeartha □ Lónadóir<br>□ Niteoir Geansaithe □ Réiteoir □ Baint ar bith<br>✓ Baint eile (sonraí le do thoil): Uachtaráín Tofa CLG |
| **Do Thaifead mar Imreoir**<br>(Teidil bhuaite; Fad caite ag imirt) | 1964-2004: Tromaire-Maighean Ratha. Comórtas Soisear B (1991); Comórtas Soisear C (1998).<br>Laois: Craobh B Uile Éireann, 1971 (iománaíocht); Craobh Soisear Laighean B<br>Ollscoil: 2 Craobh Roinn A Ollscoile; Craobh faoi-21 san iomáint le UCD; Craobh faoi-21 san iomáint le Erin's Hope. |
| **Taifead mar Riarthóir**<br>(Post a bhí agat; ar feadh cén fhad) | Club iománaíochta UCD: Rúnaí agus Cathaoirleach (1975-76)<br>Clan na Gael Fontenoy: Cabhair leis na hógánaigh<br>Tromaire: Rúnaí; Cisteoir; Cathaoirleach (1980s)<br>Laois: Rúnaí Cumann na mBunscoil, Co. Laois; Oifigeach na Gaeilge (1980s); Oifigeach Forbatha (1990s); Rúnaí Coiste Iomána (1995/6c.); Rúnaí an Chontae (1999-2002); Cathaoirleach Coiste Forbatha na gCluichí (1993-99)<br>Náisiúnta: Cathaoirleach Coiste Ceannaireachta & Riaracháin; Coiste Forbairt Uirbeach; Leas-Cathaoirleach Coiste Laighean (2002); Cathaoirleach Coiste Laighean (2005-2008); Cathaoirleach Coiste Forbatha na gCluichí Náisiúnta (2009); Uachtaráin –tofa CLG (2011). |
| **Formáid** (Úsáid oifige amháin) | ✓ Clostaifeadadh ☐ Taifeadadh Closamhairc |
| **Fad**(Úsáid oifige amháin) | Fad an agallaimh: 2:56:33 |
| **Teanga** | An Ghaeilge |

**Le líonadh ag an Agallóir:**

Leis seo, sannaim cóipcheart an ábhair thuas go Tionscadal Stair Bhéil an CLG, agus an tuiscint ann nach mbainfear úsáid as an ábhar i slí maslach. Tuigim go bhfuilim ag tabhairt an chirt do Thionscadal Stair Bhéil an CLG úsáid a bhaint as ábhar an agallaimh seo agus é a chur ar fáil don phobal.

Sínithe: Regina Fitzpatrick

Dáta: 13 Meitheamh 2012

***Tabhair aird le do thoil: Má tá tú 18 bliain d'aois nó níos óige, caithfidh do thuismitheoir/chaomhnóir é seo a shíniú. Mura ndéantar amhlaidh, ní bheifear in ann an agallamh seo a chur san áireamh sa Chartlann***